

Do chearta agus tú i stáisiún póilíní

TREOIR DO PHÁISTÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA

Tá eolas tábhachtach sa bhileog seo faoi na cearta atá agat agus tú ag stáisiún póilíní. Is éard atá i gceist le cearta ná na saoirsí atá againn agus an tacaíocht atá ag gabháil dúinn faoin dlí. Ní hionann na cearta go léir atá ag daoine fásta agus atá ag páistí faoi 18 mbliana d'aois, agus mar sin mínítear sa bhileog seo na cearta atá agat.

Má bhíonn eolas agus tuiscint agat ar do chearta is fearr a bheidh a fhios agat an bhfuiltear ag caitheamh go cothrom leat. Tá sé de dhualgas ar na póilíní tú a chosaint ó dhíobháil agus aire a thabhairt duit agus tú ag stáisiún na bpóilíní, fiú má tá fianaise acu a thugann le tuiscint go bhféadfadh sé go ndearna tú rud éigin as bealach.

Léigh an bhileog seo chomh luath agus is féidir leat. Cabhróidh sí leat cinntí a dhéanamh agus tú ag stáisiún póilíní. An duine óna bhfuair tú an bhileog seo, cuideoidh sé nó sí leat í a léamh agus a thuiscint má theastaíonn cúnamh uait. Fiafróidh an duine sin díot freisin ar mhaith leat leagan eile den bhileog seo – ceann i dteanga eile, mar shampla nó ceann atá níos éasca le léamh.

1. Tá sé de cheart agat a fhios a bheith agat cén fáth a bhfuil na póilíní do do choinneáil ag stáisiún na bpóilíní.


2. Tá sé de cheart agat a fhios a bheith agat cén fáth ar thug na póilíní isteach chuig stáisiún na bpóilíní thú.



3. Caithfidh tú d'ainm, do sheoladh, do dháta breithe agus do náisiúntacht a thabhairt do na póilíní má tá siad ar eolas agat. Ní chaithfidh tú aon cheist eile a fhreagairt. **Tá sé de cheart agat gan aon cheist eile a fhreagairt.**

4. Tá sé de cheart agat go n-inseofaí do dhuine éigin go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní. Fiafróidh na póilíní díot ar mhaith leat go n-inseofaí do dhuine éigin go bhfuil tú ag an stáisiún. D'fhéadfadh sé gur duine muinteartha leat a bheadh i gceist, do pháirtí, do chúramóir, cara leat nó aon duine eile de do lucht aithne. Seans nach mbeidh cead agat labhairt leis an duine sin. Má tá tú faoi 16 bliana d'aois nó má tá ordú maoirsithe éigeantaigh déanta i do leith, tá an ceart agat duine éigin a bheith in éineacht leat ag stáisiún na bpóilíní. Tá sé de cheart agat go dtabharfaidh do thuismitheoir nó do chaomhnóir cuairt ort ag stáisiún na bpóilíní.

5. Tá sé de cheart agat go n-inseofar do dhlíodóir go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní. Fiafróidh na póilíní díot ar mhaith leat go n-inseoidís do dhlíodóir go bhfuil tú ag stáisiún na bpóilíní. D'fhéadfadh gur do dhlíodóir féin a bheadh i gceist leis sin nó féadfar dlíodóir eile a fháil duit. Níl aon chostas ag baint leis sin.



6. Tá sé de cheart agat labhairt le dlíodóir go príobháideach am ar bith. Níl aon chostas ag baint leis sin.

7. Tá sé de cheart agat dlíodóir a bheith i láthair má chuireann na póilíní agallamh ort. Níl aon chostas ag baint leis sin.

8. Má tá tú faoi 16 bliana d'aois, caithfidh dlíodóir a bheith i láthair nuair a chuireann na póilíní agallamh ort ach amháin más rud é go bhféadfadh duine éigin a bheith i mbaol dá bharr sin. Má tá tú 16 nó 17 agus ar ordú maoirsithe éigeantaigh, ní mór dlíodóir a bheith i láthair nuair a chuireann na póilíní agallamh ort mura bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist.

10. Tá sé de cheart agat go dtabharfaí bia agus deoch duit. Cuirfear uisce ar fáil duit. Tairgfear bia duit má bhíonn tú ag stáisiún na bpóilíní ar feadh níos mó ná ceithre uair an chloig. Ba cheart do na póilíní fiafraí díot chomh luath agus is féidir an bhfuil aon riachtanais chothaithe ar leith agat.

9. Tá sé de cheart agat cóir leighis a fháil má tá tú tinn nó má tá tú gortaithe. Tá cúnamh le do mheabhairshláinte i gceist leis sin freisin. Cuirfidh na póilíní ceistanna ort faoi do shláinte agus d'fholláine chun féachaint chuige go dtabharfar aire cheart duit agus tú ag stáisiún na bpóilíní. Tá sé tábhachtach go n-inseofaí do na póilíní má tá riocht sláinte ort a d'fhéadfadh cur isteach ort agus tú ag stáisiún na bpóilíní. B'fhéidir go n-iarrfadh na póilíní ar altra nó ar dhochtúir tú a sheiceáil. Déantar é sin lena chinntiú go dtabharfar aire cheart duit agus tú ag stáisiún na bpóilíní. Ba cheart do na póilíní fiafraí díot an gá duit labhairt le dochtúir, le haltra nó le gairmí sláinte eile.

Tuilleadh treorach...

Má theastaíonn cabhair bhreise uait

B'fhéidir go dteastóidh cabhair uait ionas go dtuigfeá cad atá ag tarlú agus tú ag stáisiún na bpóilíní. Má tá tú 16 bliana d'aois nó níos sine, is féidir le duine atá oilte maidir le tacaíocht a thabhairt, ar a dtugtar Duine Fásta Cuí, an chabhair sin a thabhairt duit. D'fhéadfadh an chabhair sin a bheith ag teastáil uait má tá míchumas foghlama ort nó má tá fadhbanna meabhairshláinte agat. Má cheapann na póilíní go dteastaíonn cabhair uait ó Dhuine Fásta Cuí, gheobhaidh siad duine duit, fiú mura n-iarrann tú é sin.

Ateangaire a fháil chun cabhrú leat

Tá sé tábhachtach go dtuigfeá an méid atá á rá ag stáisiún na bpóilíní. Mura labhraíonn tú Béarla nó mura dtuigeann tú Béarla, gheobhaidh na póilíní duine éigin a labhraíonn do theanga féin chun cabhrú leat. Ateangaire a thugtar ar an duine sin. Níl aon chostas ag baint leis sin.

Cabhair a fháil le cumarsáid

Is iomaí duine a mbíonn deacracht aige nó aici a thuiscint cad atá ag tarlú ag stáisiún na bpóilíní. Ba cheart do na póilíní fiafraí díot an bhfuil cabhair uait nó an bhfuil aon rud nach bhfuil tú cinnte faoi. Ba chóir dóibh cabhair a thairiscint duit le rudaí a léamh má theastaíonn sé sin uait. Má tá tú bodhar nó má tá deacracht agat tú féin a chur in iúl go soiléir, gheobhaidh na póilíní duine éigin chun cabhrú leat. D'fhéadfadh ateangaire a bhíonn ag plé le Teanga Chomharthaíochta na Breataine, nó gairmí cuí eile, a bheith i gceist leis sin. Níl aon chostas ag baint leis sin.

Más rud é nach Briotanach thú

Más rud é nach saoránach Briotanach thú, ba cheart do na póilíní a fhiafraí díot ar mhaith leat go ndéanfaidís teagmháil le d'Ard-Choimisiún, d'Ambasáid nó do Chonsalacht, lena insint dóibh cá bhfuil tú agus cén fáth a bhfuil tú i stáisiún na bpóilíní. Is féidir le duine cuairt a thabhairt ort go príobháideach ansin agus socrú a dhéanamh go dtabharfaidh dlíodóir cuairt ort.

Cad a tharlaíonn má chúisítear thú nó má thugtar isteach chuig stáisiún na póilíní ar bharántas thú?

Má chúisítear thú i gcion, b'fhéidir go dtabharfar cead duit imeacht nó b'fhéidir go gcoinneofar i stáisiún na póilíní thú agus go dtabharfar chun na cúirte thú an chéad lá eile is féidir. Má tugadh isteach i stáisiún na bpóilíní ar bharántas thú, is féidir thú a choimeád agus a thabhairt chun na cúirte an chéad lá eile is féidir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh cead agat dul abhaile.

Cé chomh fada is féidir tú a choinneáil faoi choimeád?

Is féidir leis na póilíní tú a choinneáil faoi choimeád ar feadh suas le 12 uair an chloig gan tú a chúiseamh i gcion. Is féidir leis na póilíní síneadh ama go dtí 24 uair an chloig ar a mhéad a chur leis sin, ach caithfidh póilín sinsearach toiliú leis sin. Tá sé de cheart agat do thuairim a chur in iúl faoin gcinneadh sin, nó is féidir leat a rá le do dhlíodóir labhairt leis na póilíní ar do shon.

Páipéarachas a fheiceáil

Tabharfar nóta faoin bhfianaise sa chás duit nó do do dhlíodóir, má théann do chás os comhair cúirte. Ansin beidh tusa nó do dhlíodóir in ann réiteach chun tú a chosaint. Tá sé de cheart agat go n-aistrefar an fhaisnéis sin duit, nó ar a laghad go n-aistrefar na codanna ábhartha den pháipéarachas tábhachtach mura dtuigeann tú Béarla.

Tuilleadh treorach...

Faisnéis faoin gceart rochtana ar dhlíodóir

- Fiafróidh na póilíní díot an dteastaíonn uait labhairt le dlíodóir. Rachaidh na póilíní i dteagmháil le dlíodóir ar do shon chomh luath agus is féidir.
- Tá cead agat comhrá príobháideach a bheith agat le dlíodóir am ar bith. D'fhéadfadh an comhrá sin a bheith ar an teileafón, nó d'fhéadfadh an dlíodóir teacht chun tú a fheiceáil ag stáisiún na bpóilíní.
- Is gnáthrud é labhairt le dlíodóir, agus ní fhágann sé go mbeidh an chuma air go bhfuil aon rud as bealach déanta agat.
- Is é an cúram atá ar dhlíodóir do chearta a chosaint agus comhairle a chur ort faoin dlí.
- Féadfaidh tú labhairt le dlíodóir a bhfuil aithne agat air nó uirthi nó le dlíodóir a gcuirfidh na póilíní fios air nó uirthi duit - dlíodóir ar glao-dhualgas a thugtar ar an duine sin. Is duine neamhspleách é nó í an dlíodóir ar glao-dhualgas agus ní bhíonn sé nó sí ag obair do na póilíní.
- Má chuireann na póilíní faoi agallamh thú, fiafróidh siad díot ar mhaith leat dlíodóir a bheith sa seomra leat le linn an agallaimh.
- Is iondúil nach mbíonn cead ag na póilíní agallamh a chur ort gan dlíodóir a bheith i láthair má d'íarr tú dlíodóir a bheith sa seomra leat.
- Féadfaidh tú d'intinn a athrú faoi labhairt le dlíodóir agus féadfaidh tú dlíodóir a iarraidh am ar bith. Inis sin do na póilíní a luaithe is féidir agus rachaidh siad i dteagmháil le dlíodóir ar do shon.
- Mura dtagann an dlíodóir go dtí stáisiún na bpóilíní ag an am a bhí socraithe, nó má theastaíonn uait labhairt leis an dlíodóir arís, féadfaidh tú iarraidh ar na póilíní teagmháil a dhéanamh leis nó léi arís. Ní ag na póilíní atá sé a shocrú cén uair a thiocfaidh an dlíodóir ag stáisiún na bpóilíní nuair a bheidh teagmháil déanta leis nó léi. Is féidir leis na póilíní do chuid smaointe agus mianta a chur in iúl don dlíodóir más mian leat.

An ceart atá agat gearán a dhéanamh

- Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh faoin mbealach ar chaith na póilíní leat.
- Má dhéanann tú gearán faoi Police Scotland, ní chuirfidh sé sin droch-chuma ort.
- Is féidir leat gearán a dhéanamh agus tú faoi choimeád.
- Más mian leat gearán a dhéanamh agus tú faoi choimeád, iarr labhairt le cigire nó le duine éigin de ghrád níos airde.
- Más mian leat gearán a dhéanamh nuair a scaoilfear saor thú, féadfaidh tú dul chuig aon stáisiún póilíní.
- Más rud é gur ghortaigh póilíní thú agus tú do do ghabháil nó i gcoimeád ba chóir duit gearán a dhéanamh le Rannóg na gCaighdeán Gairmiúil de chuid Police Scotland.
- Chun gearán a dhéanamh cuir glaoch ar 101 nó téigh chuig stáisiún na bpóilíní i do cheantar féin.
- Is féidir leat iarraidh ar dhuine eile gearán a dhéanamh ar do shon freisin. D'fhéadfadh sé gur tuismitheoir a bheadh i gceist, nó cara leat, do pháirtí nó duine a bhfuil muinín agat as nó aisti. Ní mór duit do chead scríofa a thabhairt don duine sin.

Is é STARR, an t-aon spás coimeádta in Albain do dhaoine a bhí faoi shlánchoimeád, a d'ullmhaigh an bhileog seo i gcompháirtíocht le Lárionad um Cheartas na Leanaí agus na nDaoine Óga (Children and Young People's Centre for Justice – CYCJ) agus Rialtas na hAlban. Tá 'An ceart atá agat gearán a dhéanamh' curtha in oiriúint ó People First Scotland.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus tacaíochta tabhair cuairt ar [justtherightspace.org](https://www.justtherightspace.org)